Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2026
(OR. en)

9768/26

LIMITE

CORLX 533
CFSP/PESC 787
CSDP/PSDC 338
COWEB 71
EU-LEX 3
CSC 360

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chosaiv* |

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chosaiv***

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2008, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Chosaiv a cheapadh.

(2) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2084[1], lenar ceapadh Aivo ORAV mar ISAE don Chosaiv don tréimhse dar tús an 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(3) Ba cheart ISAE a cheapadh mar ISAE don Chosaiv don tréimhse dar tús an 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2024/2084 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (IO L, 2024/2084, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2084/oj).

*Airteagal 1*

*Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh*

Leis seo, ceaptar Dirk SCHÜBEL mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Chosaiv ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go gcuirfí síneadh le sainordú ISAE nó go ndéanfar é a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

*Airteagal 2*

*Cuspóirí beartais*

Is bunaithe ar na cuspóirí beartais seo a leanas de chuid an Aontais sa Chosaiv a bheidh sainordú ISAE:

(a) ról ceannasach a ghlacadh i gCosaiv chobhsaí, inmharthana, shíochánta, dhaonlathach agus il-eitneach a ghlacann páirt sa chomhar réigiúnach a chur chun cinn;

(b) an chobhsaíocht a neartú sa réigiún agus cuidiú leis an gcomhar réigiúnach go ginearálta agus leis an dea-chaidreamh comharsanachta sna Balcáin Thiar;

PUBLIC

(c) an Chosaiv a chur chun cinn ar bhealach go mbeidh sí tiomanta don smacht reachta agus do mhionlaigh agus oidhreacht chultúrtha agus reiligiúnach a chosaint;

(d) tacú le peirspictíocht Eorpach na Cosaive agus le dea-chaidreamh idir an Chosaiv agus an tAontas a chothú atá ag teacht le peirspictíocht an réigiúin agus atá i gcomhréir leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv, den pháirt eile[2] ('an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais') agus le Cinneadh (AE) 2015/1988 ón gComhairle[3], agus atá ag teacht leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle.

*Airteagal 3*

*Sainordú*

Chun na cuspóirí beartais a bhaint amach, is é an méid seo a leanas a bheidh mar shainordú ag ISAE:

(a) tacú le peirspictíocht Eorpach agus le dea-chaidreamh idir an Chosaiv agus an tAontas a chothú, i gcomhréir lena peirspictíocht réigiúnach, i gcomhréir leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais agus le Cinneadh (AE) 2015/1988, agus i gcomhréir leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle, trí chumarsáid phoiblí spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais atá ceaptha chun tuiscint agus tacaíocht níos leithne ó phobal na Cosaive a áirithiú maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Aontas, lena n-áirítear obair Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO);

---

2 IO L 71, 16.3.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/342/oj.

3 Cinneadh (AE) 2015/1988 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2015 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus an Chosaiv, den pháirt eile (IO L 290, 6.11.2015, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1988/oj).

(b) faireachán a dhéanamh, ar gach bealach agus le gach ionstraim atá ar fáil do ISAE agus le tacaíocht ó Oifig an Aontais sa Chosaiv, ar an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí polaitiúla, eacnamaíocha agus Eorpacha lena n-áirítear an tslándáil agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, cúnamh a thabhairt agus an dul chun cinn sin a éascú, i gcomhréir le hinniúlachtaí agus freagrachtaí institiúideacha faoi seach, agus tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre Eorpach um Athchóiriú;

(c) cuidiú le hurraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha sa Chosaiv a fhorbairt agus a chomhdhlúthú, lena n-áirítear maidir le mná agus leanaí, cúrsaí inscne, éagsúlacht agus cuimsiú agus cosaint na mionlach, i gcomhréir le beartas an Aontais um chearta an duine agus le Treoirlínte an Aontais maidir le Cearta an Duine;

(d) comhordú polaitiúil foriomlán an Aontais sa Chosaiv a chur chun cinn;

(e) láithreacht an Aontais sa Chosaiv a neartú agus a chomhleanúnachas, a éifeachtacht agus a infheictheacht a áirithiú; straitéis cumarsáide poiblí an Aontais sa Chosaiv a chomhordú, lena n-áirítear trí oibriú go dlúth le ISAE don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus le Ceann EULEX KOSOVO;

PUBLIC

(f) treoir pholaitiúil áitiúil a thabhairt do Cheann EULEX KOSOVO, lena n-áirítear maidir le gnéithe polaitiúla na saincheisteanna a bhaineann le freagrachtaí feidhmiúcháin an Mhisin, agus maidir lena ghníomhaíochtaí a aistriú faoi dheireadh chuig ISAE nó chuig Oifig an Aontais sa Chosaiv agus/nó chuig na húdaráis áitiúla, de réir mar is iomchuí agus má cheadaítear sin leis na himthosca áitiúla;

(g) tacú, de réir mar is gá, leis an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine arna éascú ag an Ardionadaí, agus béim á leagan ar thimpeallacht fhabhrach a chur chun cinn don phróiseas; saineolas agus comhairle pholaitiúil áitiúil a chur ar fáil do ISAE don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine;

(h) tacú le sainordú na Sain-Dlísheomraí agus Sainoifig an Ionchúisitheora, de réir mar is iomchuí, i gcomhar le EULEX KOSOVO, lena n-áirítear trí chumarsáid agus trí fhor-rochtain.

*Airteagal 4*

*An sainordú a chur chun feidhme*

1. Beidh ISAE freagrach as an sainordú a chur chun feidhme, ag gníomhú dó nó di faoi údarás an Ardionadaí.

2. Coimeádfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nasc pribhléideach le ISAE ar bun agus is é a bheidh ann mar phríomhphointe teagmhála ISAE leis an gComhairle. Cuirfidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála treoir straitéiseach agus stiúradh polaitiúil ar fáil do ISAE faoi chuimsiú an tsainordaithe, gan dochar do chumhachtaí an Ardionadaí.

PUBLIC

3. Oibreoidh ISAE i ndlúthchomhar le ranna ábhartha na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS).

*Airteagal 5*

*Maoiniú*

1. Is EUR 5 710 846,74 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE ('an caiteachas') sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028 a chumhdach.

2. Bainisteofar an caiteachas i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Beidh bainistiú an chaiteachais faoi réir conartha idir ISAE agus an Coimisiún. Beidh ISAE cuntasach don Choimisiún as gach caiteachas.

*Airteagal 6*

*Comhdhéanamh fhoireann ISAE*

1. Laistigh de theorainneacha shainordú ISAE agus de na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha a chuirfear ar fáil, beidh ISAE freagrach as foireann a chur le chéile. Áireofar san fhoireann an saineolas maidir le saincheisteanna sonracha beartais de réir mar a cheanglaítear leis an sainordú. Coinneoidh ISAE an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas in am agus i dtráth faoi chomhdhéanamh na foirne.

PUBLIC

2. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí de chuid an Aontais agus SEGS a mholadh go mbeadh pearsanra ar iasacht ag obair le ISAE. Is iad an Ballstát, an institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann nó SEGS, de réir mar is iomchuí, a chumhdóidh tuarastal an phearsanra sin atá ar iasacht. Féadfar saineolaithe atá ar iasacht ó na Ballstáit chuig institiúidí an Aontais nó chuig SEGS a phostú chun oibriú le ISAE freisin. Beidh náisiúntacht Bhallstáit ag an bpearsanra idirnáisiúnta ar conradh.

3. Is faoi údarás riaracháin an Bhallstáit tionscnaimh, institiúid an Aontais lena mbaineann, nó SEGS a fhanfaidh an pearsanra uile ar iasacht agus comhlíonfaidh sé nó sí a ndualgais agus feidhmeoidh sé nó sí chun leas shainordú ISAE.

4. Comhlonnófar foireann ISAE le hOifig an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a ngníomhaíochtaí faoi seach a áirithiú.

*Airteagal 7*

*Pribhléidí agus díolúintí ISAE agus comhaltaí fhoireann ISAE*

Déanfar na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá le haghaidh chomhlánú agus dhea-fheidhmiú shainordú ISAE chomh maith le comhaltaí fhoirne ISAE a chomhaontú leis na páirtithe óstacha, de réir mar is iomchuí. Deonóidh na Ballstáit agus SEGS gach tacaíocht is gá chun na críche sin.

PUBLIC

*Airteagal 8*

*Slándáil fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais*

1. Urramóidh ISAE agus comhaltaí fhoireann ISAE na prionsabail slándála agus na híoschaighdeáin arna mbunú le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle[4].

2. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí faisnéis agus doiciméid rúnaicmithe de chuid an Aontais suas go leibhéal 'CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL', a ghintear chun críocha na gníomhaíochta, a scaoileadh le ECAT/KFOR i gcomhréir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais a chosaint.

3. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí faisnéis agus doiciméid rúnaicmithe de chuid an Aontais suas go leibhéal 'RESTREINT UE/EU RESTRICTED' a ghintear chun críocha na gníomhaíochta a scaoileadh leis na Náisiúin Aontaithe agus leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla ISAE, i gcomhréir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais a chosaint. Dréachtófar socruithe áitiúla chun na críche sin.

4. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí doiciméid neamhaicmithe de chuid an Aontais atá bainteach le plé na Comhairle i ndáil leis an ngníomhaíocht atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a scaoileadh le tríú páirtithe a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo[5].

---

[4] Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/488/oj).

[5] Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/937/oj).



PUBLIC

*Airteagal 9*

*Rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht lóistíochta*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún, SEGS agus Ardrúnaíocht na Comhairle go dtabharfar rochtain do ISAE ar aon fhaisnéis ábhartha.

2. Soláthróidh oifig an Aontais agus/nó na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, tacaíocht lóistíochta do ISAE agus do chomhaltaí fhoireann ISAE.

*Airteagal 10*

*Slándáil*

I gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V den Chonradh, déanfaidh ISAE gach beart is féidir le réasún, i gcomhréir le sainordú ISAE agus le staid na slándála i réimse na freagrachta, i ndáil le slándáil an phearsanra uile atá faoi údarás díreach ISAE, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) plean slándála sonrach a bhunú a bheidh bunaithe ar threoir ó SEGS, lena n-áirítear bearta slándála sonracha fisiciúla, eagraíochtúla agus nós imeachta, lena rialaítear bainistiú ar ghluaiseacht shlán pearsanra chuig an réimse freagrachta agus laistigh di, chomh maith le bainistiú teagmhas slándála agus lena bhforáiltear do phlean teagmhais agus aslonnaithe misin;

(b) a áirithiú go gcumhdófar an pearsanra uile a imscartar lasmuigh den Aontas le hárachas ardriosca, mar a cheanglaítear leis na coinníollacha i réimse na freagrachta;



PUBLIC

(c) a áirithiú go mbeidh oiliúint slándála iomchuí faighte ag foireann ISAE a bheidh le himscaradh lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear pearsanra a bheidh ar conradh go háitiúil, roimh theacht i réimse na freagrachta nó ar theacht isteach sa réimse sin dóibh, bunaithe ar na rátálacha riosca arna sannadh ag SEGS don réimse sin;

(d) a áirithiú go ndéanfar na moltaí comhaontaithe uile a dhéantar tar éis measúnuithe rialta slándála a chur chun feidhme agus tuarascálacha i scríbhinn a chur ar fáil don Chomhairle, don Ardionadaí agus don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme agus maidir le saincheisteanna slándála eile faoi chuimsiú na tuarascála rialta ar dhul chun cinn agus na tuarascála cuimsithí críochnaithí ar chur chun feidhme an tsainordaithe dá dtagraítear in Airteagal 15.

*Airteagal 11*
*Tuairisciú*

Cuirfidh ISAE tuarascálacha ar fáil go tráthrialta don Ardionadaí agus don Choiste Polaitiúil agus Slándála. Cuirfidh ISAE tuarascáil faoi bhráid mheithleacha de chuid na Comhairle freisin de réir mar is gá. Scaipfear tuarascálacha rialta trí líonra COREU. Féadfaidh ISAE tuarascálacha a chur ar fáil don Chomhairle Gnóthaí Eachtracha. Féadfaidh ISAE a bheith rannpháirteach maidir le faisnéis a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa.

PUBLIC

*Airteagal 12*

*Comhordú*

1. Rannchuideoidh ISAE le haontacht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais agus cabhróidh ISAE lena áirithiú go ndéanfar ionstraimí uile an Aontais agus gníomhaíochtaí uile na mBallstát a shaothrú go comhsheasmhach, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Iarrfar idirchaidreamh leis na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Déanfar gníomhaíochtaí ISAE a chomhordú le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, chomh maith le gníomhaíochtaí ISAEnna eile atá gníomhach sa réigiún, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh ISAE faisnéis rialta ar fáil do mhisin na mBallstát agus do thoscaireachtaí an Aontais.

2. Ar an láthair, leanfar d'idirchaidreamh a chothú go dlúth le Cinn thoscaireachtaí an Aontais sa réigiún agus le Ceannairí Misin na mBallstát. Déanfaidh siad gach iarracht cúnamh a thabhairt do ISAE agus an sainordú á chur chun feidhme acu. Cuirfidh ISAE treoir pholaitiúil áitiúil ar fáil do Cheann EULEX KOSOVO, lena n-áirítear maidir le gnéithe polaitiúla na saincheisteanna a bhaineann le freagrachtaí feidhmiúcháin. Rachaidh ISAE agus Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha i gcomhairle le chéile de réir mar is gá. Comhordóidh ISAE go dlúth le ISAE don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine, agus cuirfidh sé saineolas agus comhairle pholaitiúil áitiúil ar fáil. Déanfaidh ISAE idirchaidreamh freisin le comhlachtaí ábhartha áitiúla agus le gníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile ar an láthair.

3. Áiritheoidh ISAE, i gcomhar le gníomhaithe eile de chuid an Aontais ar an láthair, go scaipfear agus go gcomhroinnfear faisnéis i measc ghníomhaithe an Aontais sa limistéar oibríochtaí d'fhonn ardleibhéal a bhaint amach maidir le feasacht agus measúnú comhchoitinn staide.

*Airteagal 13*

*Cearta a aistriú*

Chun a áirithiú go n-urramófar gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh ag na ISAEnna don Chosaiv a bhí ann roimhe seo maidir lena mbaill foirne agus soláthar oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí agus maidir le talamh, foirgnimh nó maoin dhochorraithe eile a fháil ar cíos, tiocfaidh ISAE i gcomharbas ar na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo agus glacfaidh sé nó sí cearta agus oibleagáidí na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo air nó uirthi féin, cé is moite d'oibleagáidí a eascraíonn as mí-iompar tromchúiseach as a leanfaidh na ISAEnna sin a bhí ann roimhe seo amháin de bheith freagrach.

PUBLIC

*Airteagal 14*

*Rochtain ar dhoiciméid agus cosaint sonraí*

1. Cuirfidh ISAE i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], chomh maith leis na rialacha cur chun feidhme a leagtar síos sa Chinneadh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 6 Márta 2025[7] maidir le láimhseáil na n-iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh ISAEnna.

---

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

[7] Cinneadh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 6 Márta 2025 maidir leis na rialacha i ndáil le láimhseáil iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh Ionadaithe Speisialta AE (IO C, C/2025/1951, 31.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1951/oj).

2. Cosnóidh ISAE daoine aonair i ndáil leis an bpróiseáil a dhéantar ar a sonraí pearsanta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus leis na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ag an Ardionadaí do SEGS.

PUBLIC

*Airteagal 15*

*Athbhreithniú*

Déanfar athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus ar a chomhsheasmhacht le rannchuidithe eile ón Aontas leis an réigiún. Cuirfidh ISAE tuarascálacha ar bhonn rialta ar dhul chun cinn faoi bhráid an Ardionadaí, na Comhairle agus an Choimisiúin agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoina mbráid faoin 31 Bealtaine 2028.

---

[8] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

*Airteagal 16*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC